Bás Brian Farrell

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhás Brian Farrell. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- lamenting, sympathising
- current and political affairs
- associate professor
- political science
- to the marrow, to the bone
- general elections
- state funerals
- budget day broadcasts
- skilled and comprehensive
- very professional
- prominent author

Cad is brí leis an bhfocal *scór*?
Scríobh amach na huimhreacha seo i bhfocail anois, ag úsáid an fhocail *scór*:

85 years _____
40 years _____

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. An féidir leat leagan eile de na focail seo thíos a aimsiú inti?

a fuair bás _____
ag tuairisciú polaitíochta _____
beagnach _____
ceann _____
cuid mhór _____

Ceist 3 **A**. Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé hiad na daoine cáiliúla a luadh sa tuairisc agus atá ag cásamh bhás Brian Farrell inniu?

2. Breac síos cúig líne faoin saol gairmiúil a bhí ag Brian Farrell.

3. Cad a bhí le rá ag Seán Ó Tuairisg faoi?

4. Cén t-eolas a thugtar sa mhír faoi shaol pearsanta Brian Farrell?

Ceist 4 An tuiseal ginideach

Bhí tuiseal ginideach na bhfocal seo a leanas le cloisteáil sa mhír. Déan iarracht iad a chur sa tuiseal ginideach uatha tú féin ar dtús; agus ansin féach ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Uachtarán (Éire)	_____
bás (an t-iar-chraoltóir)	_____
bás (an t-údar)	_____
bás (an staraí)	_____
príomhláithreoir (an clár)	_____

Ceist 5 *'…seachtar clainne…'*

(1) Mínigh an focal *seachtar.* Déan liosta de na huimhreacha eile atá cosúil leis agus mínigh na rialacha a bhaineann leo. Ansin, cuir an t-ainmfhocal *múinteoir* le gach ceann acu chun na rialacha sin a léiriú.

(2) Cad is brí leis an bhfocal *clann*? Cuir in abairt é lena bhrí a léiriú.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An raibh mórán ar eolas agat faoin gcraoltóir Brian Farrell?
2. Cé hé nó hí an craoltóir is fearr leatsa féin faoi láthair?
3. Ar mhaith leat féin post sna meáin? Cén post? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

- lamenting, sympathising – *ag cásamh*
- current and political affairs – *cúrsaí reatha agus polaitíochta*
- associate professor – *comhollamh*
- political science - *eolaíocht pholaitiúil*
- to the marrow, to the bone – *go smior*
- general elections – *olltoghcháin*
- state funerals – *sochraidí stáit*
- budget day broadcasts – *craoltaí lá buiséid*
- skilled and comprehensive – *oilte agus cuimsitheach*
- very professional – *an-ghairmiúil*
- prominent author – *údar suntasach*

Scór = 20 bliain (*score* i mBéarla)
85 years = *cúig bliana agus ceithre scór* 40 years = *dhá scór bliain*

Ceist 2

a fuair bás	*a bhásaigh*
ag tuairisciú polaitíochta	*ag clúdach polaitíochta*
beagnach	*nach mór*
ceann	*cloigeann*
cuid mhór	*lear mór*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
Uachtarán na hÉireann
bás an iar-chraoltóra
bás an údair
bás an staraí
príomhláithreoir an chláir

Ceist 5

- Is ceann de na huimhreacha pearsanta é *seachtar*.
- Baintear úsáid as na huimhreacha pearsanta chun daoine a chomhaireamh.
- Ní féidir an focal *duine* a úsáid leis na huimhreacha pearsanta mar ní bhaintear úsáid as na huimhreacha pearsanta **ach** chun daoine a chomhaireamh. Féach: beirt = (2 x duine), triúr = (3 x duine) agus mar sin de.
- Úsáidtear an tuiseal ginideach iolra den ainmfhocal tar éis na n-uimhreacha pearsanta.
- Séimhítear consan a leanann *beirt*, ach amháin má bhíonn na *dentals* i gceist, mar shampla: beirt deirfiúracha **ach** beirt mhac.
- *múinteoir* amháin
  beirt *m**h**úinteoirí*
  triúr/ ceathrar/ cúigear/ seisear/ seachtar/ ochtar/ naonúr/ deichniúr *múinteoirí*

Clann = páistí, Teaghlach = *family*. Mar shampla: *Tá seachtar i mo theaghlach; mo thuismitheoirí, triúr deartháireacha agus deirfiúr amháin. Níl aon chlann agam.*

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins, An Taoiseach agus go leor eile ag cásamh bhás an iar-chraoltóra, an údair agus an staraí, Brian Farrell, a bhásaigh inniu in aois a chúig bliana agus ceithre scór. Chaith sé níos mó ná dhá scór bliain i mbun cúrsaí reatha agus polaitíochta in RTÉ, chomh maith le bheith ina údar agus ina Chomhollamh le Rialtas agus le hEolaíocht Pholaitiúil in UCD.

Ruairí Mac Con Iomaire
Le dhá scór bliain anuas bhí Brian Farrell báite agus snoite go smior ag clúdach polaitíochta RTÉ. Idir olltoghcháin, sochraidí stáit, nach mór chuile mhór-ócáid náisiúnta sa tír go deimhin, ó 1962 i leith bhí ról lárnach aige sa chlúdach oilte, cuimsitheach a deineadh[1] orthu. Anuas ar chraoltaí lá buiséid agus aimsir olltoghcháin is mar phríomhláithreoir an chláir *Today Tonight* seans is mó a bheidh cuimhne air.

Seán Ó Tuairisg, Iar-chomhghleacaí
Bhí an buneolas istigh ina chloigeann aige ón tús. Bhuel, rinne sé staidéar ar chúrsaí polaitíochta san ollscoil agus ba staraí é freisin. Agus chuaigh sé i mbun cláranna[2] polaitíochta ar an teilifís go han-ghairmiúil ar fad agus ní raibh píosa taighde ar bith a d'fhéadfá a fháil nach raibh déanta ag Brian agus nach roinnfeadh sé le chuile dhuine a bheadh ag obair in éineacht leis freisin. B'in rud mór faoi – fear fial flaithiúil a bhí ann.

Ruairí Mac Con Iomaire
Bhí sé freisin ina Chomhollamh le Rialtas agus le hEolaíocht Pholaitiúil, UCD. Údar suntasach a bhí leis ann agus lear mór scríofa aige faoin bpolaitíocht. Ina measc, *Chairman or Chief*, *Seán Lemass* agus *The Sounding of Dáil Éireann*. Maireann a bhean, Marie-Therese, agus seachtar clainne dá chuid.

[1] *rinneadh* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *cláir* atá sa Chaighdeán Oifigiúil